An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh

## Foirm Iarratais

Lúil 2026



Ciste na mBailte Croí Cónaithe

# Foirm Iarratais don Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh

Réadmhaoin fholamh nó thréigthe a athchóiriú nó iar-réadmhaoin Tráchtála/Úsáide Poiblí a athoiriúnú lena húsáid mar theaghais aonair.

## Ceistneoir Incháilitheachta

Sula dtosaíonn tú ar d'iarratas ar Dheontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, ba cheart duit an Ceistneoir Incháilitheachta thíos a chomhlánú. Cabhróidh sé sin leat chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil tú incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

| | ✓ | X |
|---|---|---|
| 1. An duine aonair/daoine aonair thú/sibh atá ag cur isteach ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh? | ☐ | ☐ |
| 2. An bhfuil iarratas á dhéanamh agat/agaibh mar úinéir(í) cláraithe nó an bhfuil tú/sibh páirteach in idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoin a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ina leith a cheannach, agus an féidir leat fianaise a chur ar fáil chun tacú le d'iarratas? | ☐ | ☐ |
| 3. An réadmhaoin fholamh nó thréigthe í an réadmhaoin nó an iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide poiblí í a athoiriúnófar nó a athchóireofar lena húsáid mar theaghais aonair? | ☐ | ☐ |
| 4. Ar tógadh an réadmhaoin roimh 2008? | ☐ | ☐ |
| 5. An bhfuil an réadmhaoin folamh le dhá bhliain nó níos mó (roimh an iarratas a dhéanamh)? | ☐ | ☐ |
| 6. An úsáidfear an réadmhaoin athchóirithe mar do phríomháit chónaithe phríobháideach agus / nó an gcuirfear ar fáil ar cíos í, agus an tionóntacht cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe? | ☐ | ☐ |
| 7. An féidir leat meastachá(i)n a sholáthar i leith na n-oibreacha atá beartaithe? | ☐ | ☐ |
| 8. An féidir leat cruthúnas a chur ar fáil go bhfuil an Cháin Mhaoine Áitiúil nó íocaíocht na Rátaí Tráchtála cothrom le dáta ar an réadmhaoin nó go bhfuil iarchur íocaíochta/díolúine ann i dtaca le Rátaí Tráchtála an CMÁ? | ☐ | ☐ |
| 9. An dtuigeann tú gur deontas athchóirithe é an deontas seo agus nach bhfuil sé beartaithe go gceadófar é, nó go n-íocfar é, chun réadmhaoin atá ann cheana a scartáil? | ☐ | ☐ |
| 10. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar an deontas breisithe réadmhaoine tréigthe, an féidir leat fianaise a sholáthar go bhfuil an réadmhaoin ar Chlár Láithreán Tréigthe an údaráis áitiúil agus nó tuairisc ó ghairmí cáilithe (sé sin suirbhéir foirgnimh cláraithe, innealtóir cláraithe nó ailtire cláraithe) a léiríonn go bhfuil an réadmhaoin neamhshábháilte ó thaobh struchtúir de agus tréigthe? | ☐ | ☐ |

*Má bhí X mar fhreagra agat ar aon cheann de na ceisteanna liostaithe thuas, níl tú incháilithe faoi láthair chun iarratas a dhéanamh ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh.*

Tá faisnéis i dtaobh an deontais ar fáil faoi láthair ó https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/services/vacant-property-refurbishment-grant/ agus ón Oifigeach Tithe Folmha i d'údarás áitiúil.

# Foirm Iarratais

**Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas trí úsáid a bhaint as BLOCLITREACHA.**

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais a líonadh go hiomlán.

## Cuid 1. Sonraí teagmhála an Iarratasóra/na nIarratasóirí Deontais

1.1 Ainm(neacha)

1.2 Seoladh Iomlán Comhfhreagrais

1.3 Éirchód (má tá ceann ar fáil)

1.4 Dáta breithe

D D M M Y Y Y Y

1.5 Seoladh Teagmhála Ríomhphoist

1.6 Uimhir Theileafóin an Teagmhálaí

# Cuid 2. Sonraí na Réadmhaoine Foilmhe

2.1 Seoladh iomlán na réadmhaoine ina ndéanfar an obair

2.2 Éirchód

2.3 Cá fhad atá an foirgneamh folamh (i míonna)?

2.4 Ar chuir tú fianaise ar fáil gur tusa úinéir an fhoirgnimh, nó fianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoin a cheannach? ☐

2.5 Cuir tic sa bhosca ina ndéantar an cur síos is fearr ar an réadmhaoin:

- ☐ Scoite
- ☐ Leathscoite
- ☐ Sraithe
- ☐ Árasán/Árasán dhá urlár

2.6 An bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar mhaoiniú deontais i leith foirgneamh atá lonnaithe ar cheann de na hoileáin cháilitheacha atá liostaithe? ✓ ☐ X ☐

**Liosta d'oileáin Amach ón gCósta**

Más ea, cén t-oileán.

2.7 An gcloíonn an réadmhaoin le Cáin Mhaoine Áitiúil / Rátaí Tráchtála ✓ ☐ X ☐

## Cuid 2. Sonraí na Réadmhaoine Foilmhe

2.8 Cén bhliain inar ceannaíodh an réadmhaoin?

2.9 Cad é praghas ceannaigh na réadmhaoine?

2.10 Cad é luach measta reatha na réadmhaoine?

2.11 Cuir tic le ceann amháin díobh seo a leanas chun a léiriú cén cineál deontais a bhfuil tú ag cur isteach air:

**A. Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh.** ☐

**B. An Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus breisiú réadmhaoine tréigthe san áireamh.** ☐

2.12 An úsáidfear an réadmhaoin athchóirithe / athoiriúnaithe mar do Phríomhháit Chónaithe Phríobháideach? ✓ ☐ X ☐

2.13 Má roghnaigh tú go n-úsáidfear an deontas le haghaidh do Phríomhháite Cónaithe Príobháidí, cuir in iúl le do thoil má tá iarratas déanta agat / má tá sé ar intinn agat iarratas a dhéanamh ar Iasacht Cheannaigh agus Athchóirithe Údaráis Áitiúil (ICAÚÁ) nó ar ICAÚÁ athchóirithe amháin? ✓ ☐ X ☐

2.14 An úsáidfear an réadmhaoin athchóirithe / athoiriúnaithe mar réadmhaoin ar cíos ag a bhfuil (tionóntacht/aí) a chlárófar leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe)? ✓ ☐ X ☐

## Cuid 3 Iarratais Eile ar Dheontas / Fhaoiseamh Cánach

3.1 An raibh tú ceadaithe roimhe seo don Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh maidir le Príomháit Chónaithe Phríobháideach nó réadmhaoin ar cíos? ✓ ☐ X ☐

3.2 Má d'fhreagair tú 'Bhí' ar Cheist 3.1, tabhair sonraí, le do thoil, (seoladh iomlán, Éirchód, dáta ceadaithe/íocaíochta, agus cineál iarratais) lena n-áirítear ainm an údaráis áitiúil a cheadaigh an deontas/na deontais:

3.3 An ndearna tú iarratas ar aon deontais bhreise nó faoiseamh cánach eile don fhoirgneamh atá i gceist? e.g. Deontas Tithe Fuinnimh Níos Fearr ÚFIÉ, Deontas Oiriúnaithe Tithíochta, Tionscnamh na Cathrach Beo? ✓ ☐ X ☐

3.4 Má roghnaigh tú Rinne do Cheist 3.3, tabhair sonraí agus fianaise dhoiciméadach ar na deontais/faoiseamh a ceadaíodh/a íocadh, agus tabhair sonraí faoi na hoibreacha a ceadaíodh/a íocadh astu:

## Cuid 4: Oibreacha atá le déanamh

B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar chomhairle ghairmiúil a fháil sula gcríochnaíonn tú an chéad chuid eile.

4.1 An bhfuil cead pleanála de dhíth ar na hoibreacha? ✓ ☐ X ☐

Má tá, tabhair uimhir thagartha an chomhaid pleanála, le do thoil?

**Beidh riachtanais athchóirithe ar leith ag gach réadmhaoin ag brath ar chineál / méid / riocht an fhoirgnimh reatha. Tá na tairseacha costais a leagtar amach thíos bunaithe ar ghnáth-theach dhá urlár, trí leaba leathscoite.**

4.2 Cuir tic sa tábla thíos na hoibreacha beartaithe go léir atá ar intinn agat a dhéanamh ar do réadmhaoin agus luaigh costas gach ceann de na hoibreacha atá beartaithe. Ní mór d'fho-chatagóirí suimiú le ceannteidil na gcatagóirí (mar shampla, ar cheart do 4a–4e suimiú leis an iomlán do 4).

| Uimh. | Catagóir na nOibreacha | Uasteorainn Uasta ar ghnéithe sonracha (CBL san áireamh) Bunaithe ar theach leathscoite, 3 leaba | √ | Costas na nOibreacha atá Beartaithe € |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Scartáil[1] */Bain amach / Réiteach Láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | **Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime*** | | € |
| 2 | **Oibreacha fostruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí a ardú; dúshraitheanna/leaca; taisdíonadh; fothaca) | **Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime*** | | € |
| 3 | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha/seachtracha; simléir; urláir uachtaracha; staighrí; struchtúr dín; adhmaid struchtúracha eile) | **Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime*** | | € |
| 4 | **Críochnuithe agus Bailchríocha Seachtracha** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le doirse seachtracha, fuinneoga agus ráillí; soilse dín; éadain/tairr; earraí báistí; bailchríocha ar bhallaí seachtracha; bailchríocha dín) | **Iomlán do chatagóir oibreacha Uimh. 4 €28,700** | | € |
| 4a | Críochnuithe seachtracha (lena n-áirítear doirse, fuinneoga, leaca fuinneoige) | €21,000 | | € |
| 4b | Éadain, tairr, earraí báistí, | €4,200 | | € |
| 4c | Críochnuithe dín (soilse díonta agus fleascadh gaolmhar,) | €1,000 | | € |
| 4d | Péinteáil agus maisiú (ullmhú agus bailchríocha ar bhallaí seachtracha) | €2,500 | | € |
| 5 | **Críochnuithe agus Bailchríocha Inmheánacha** (lena n-áirítear doirse inmheánacha agus frámaí gaolmhara, imchásálacha agus earraí iarainn; cláir sciorta; bailchríocha ar bhallaí inmheánacha; bailchríocha síleála; tílre/bailchríocha uiscedhíonacha ar spásanna fliucha;) | **Iomlán don chatagóir oibreacha Uimh. 5 €26,300** | | € |
| 5a | Críochnuithe inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchásálacha, earraí iarainn) | €7,000 | | € |
| 5b | Cláir sciorta | €3,500 | | € |
| 5c | Tílre/bailchríocha uiscedhíonacha ar spásanna fliucha | €2,800 | | € |
| 5d | Péinteáil agus maisiú (ullmhú agus bailchríocha ar bhallaí, síleálacha, cláir sciorta agus imchásálacha) | €8,000 | | € |
| 5e | Bailchríocha Urláir | €5,000 | | € |
| 6 | **Seirbhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht neamhspleách a sholáthar; téamh[2]; aeráil; cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; brath deataigh/CO2 d'aonaid chónaithe) | **Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime*** | | € |
| 7 | **Feistithe** (lena n-áirítear aonaid chistine; feistithe sláintíocha/seomra folctha) | **Iomlán d'oibreacha chatagóir Uimhir 7 €10,500** | | € |
| 7a | Aonaid chistine | €7,700 | | € |
| 7b | Feistithe seomra folctha/earraí sláintíochta) | €2,800 | | € |
| 8 | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha/láithreáin riachtanacha curtha i gcrích laistigh de chúirtealáiste an láithreáin) | €7,000 | | € |
| 9 | Oibreacha **le cois** atá de dhíth chun an t-iarfhoirgneamh tráchtála/úsáide poiblí a bhí folamh a thabhairt in úsáid mar aonaid chónaithe, bíodh sé faoi raon forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, nó mar chuid d'iarratas pleanála, más gá, mar chuid d'athchóiriú níos leithne | **Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime*** | | € |
| 10 | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha** (táillí/suirbhéanna – gan costais a bhaineann leis an deontas comhairle a áireamh) | 10% + CBL den ghlanchostas tógála nó €14,000 cibé figiúr is lú | | € |
| | **Costas measta iomlán na n-oibreacha (lena n-áirítear CBL) de réir meastachán.** | | € | |

[1] *Cé gur féidir oibreacha scartála agus síneadh a bheith mar chuid d'iarratas ar an deontas, ní mór na hoibreacha sin a bheith mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an bhfoirgneamh atá ann cheana féin i gcomhréir le cuspóirí na scéime.*

[2] *I gcás ina bhfuil maoiniú á lorg le haghaidh suiteáil coire, beidh sonraí an chineáil coire ag teastáil ón údarás áitiúil. Ní mhaoineoidh an deontas seo coire breosla iontaise neamhspleách.*

**** Baineann na huasleibhéil deontais atá incheadaithe faoi chatagóirí 1, 2, 3, 6, agus 9 leis an gcineál deontais a bhfuiltear ag cur isteach air. Is é an t-uasmhéid atá incheadaithe faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh ná €50,000, agus is é an t-uasmhéid atá ceadaithe faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh agus an breisiú réadmhaoine tréigthe san áireamh ná €70,000.***

**Ceanglaítear ar iarratasóirí meastachá(i)n a chur isteach maidir leis na hoibreacha atá beartaithe. Ní mór meastacháin a sholáthar maidir leis na costais aonair faoin tábla thuas do gach ceann de na catagóirí oibreacha a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu a sholáthar.**

4.3 n féidir leat aon chostas breise nach bhfuil clúdaithe ag an deontas a íoc? ✓ ☐ X ☐

## Cosaint Sonraí

De réir an dlí, ní mór d'iarratasóirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar san fhoirm seo. Déileálfar le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil faoi rún, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Chun an t-iarratas seo a phróiseáil, tabhair faoi deara go bhféadfaidh an t-údarás áitiúil do shonraí pearsanta (faisnéis) a roinnt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an Ghníomhaireacht Tithíochta agus páirtithe eile a bhfuil baint acu leis an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh a sholáthar.

Féadfaidh tú sonraí an Bheartais Cosanta Sonraí agus ár Ráiteas Príobháideachta a léamh ar shuíomh gréasáin d'údaráis áitiúil. Mínítear sa pholasaí conas agus cén fáth a n-úsáidfear sonraí pearsanta agus soláthraíonn sé faisnéis faoi do chearta mar ábhar sonraí. Tá an beartas ar fáil freisin i bhformáid pháipéir má iarrann tú é ó d'oifig d'údaráis áitiúil.

## Dearbhú – Cuir tic le gach ceann is infheidhme

Dearbhaím/Dearbhaímid gur léigh mé/léamar an Achoimre ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh ina hiomláine agus go bhfuilim/bhfuilimid go hiomlán eolach ar na critéir incháilitheachta le haghaidh na scéime. Nasc don Doiciméad anseo: https://www.gov.ie/en/department-of-housing-local-government-and-heritage/services/vacant-property-refurbishment-grant/ ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuilimid lán-eolach ar riachtanais, caighdeáin agus coinníollacha na scéime agus go n-aontaímid iad a chomhlíonadh, lena n-áirítear an ceanglas go gclárófar muirear ar an bhfoirgneamh ar feadh 10 mbliana. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí atá curtha ar fáil agam/againn san fhoirm iarratas seo fíor agus ceart. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go gcuirfidh mé/gcuirfimid scéala chuig an údarás áitiúil má athraíonn m'imthosca/ár n-imthosca i ndáil leis an réadmhaoin a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go comhlíonfaidh mé/gcomhlíonfaimid gach riachtanas reachtúil i dtaca le mo/lenár réadmhaoin a Athoiriúnú / a athchóiriú, lena n-áirítear na hAchtanna Pleanála agus Forbartha agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, ach gan a bheith teoranta dóibh. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go mbeidh cónaí orm/orainn sa réadmhaoin mar mo/ár bPríomháit Chónaithe Phríobháideach **agus/nó** dearbhaím/dearbhaímid go gcuirfidh mé/muid an t-aonad/na haonaid chónaithe ar fáil le ligean ar cíos agus go gcláróimid gach tionóntacht leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid nár ceadaíodh deontas, agus nár íocadh ceann liom/linn, riamh i leith na réadmhaoine seo. ☐

Tuigim/Tuigimid agus dearbhaím/dearbhaímid go soláthróidh mé/soláthróimid mo/ár n-imréiteach cánach agus imréiteach cánach ár gconraitheora/gconraitheoirí don údarás áitiúil a luaithe a iarrtar sin. ☐

Ainm iomlán an iarratasóra/na n-iarratasóirí (BLOCLITREACHA):

Síniú an iarratasóra/na n-iarratasóirí:

Dáta:

Dáta:

# Seicliosta do gach atá le cur leis an bhfoirm seo

Cuirfear moill ar d'iarratas má tá sonraí agus doiciméid in easnamh. Cabhróidh an seicliosta seo leat chun na doiciméid go léir atá de dhíth chun d'iarratas a phróiseáil a sheoladh ar aghaidh.

**Seicliosta**

Beidh an méid seo a leanas ag teastáil ó gach iarratas:

- [ ] An fhoirm seo. Líonta go hiomlán agus sínithe.
- [ ] Cruthúnas go raibh an foirgneamh folamh ar feadh tréimhse dhá bhliain nó níos mó díreach roimh an iarratas seo.
- [ ] Cruthúnas gur tógadh an foirgneamh roimh 2008.
- [ ] Meastachá(i)n maidir leis na hoibreacha atá beartaithe.
- [ ] Cruthúnas ar úinéireacht nó fianaise maidir le hidirbheartaíocht ghníomhach chun an foirgneamh a cheannach má tá cead i bprionsabal á lorg.
- [ ] Cruthúnas gur íocadh an cháin mhaoine áitiúil nó go bhfuil díolúine agat ó CMÁ a íoc.
- [ ] Fianaise lena ndearbhaítear go bhfuil an réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe agus / nó go bhfuil an réadmhaoin neamhshábháilte ó thaobh struchtúir de agus contúirteach má táthar ag cur isteach ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh lena n-áirítear an breisiú réadmhaoine tréigthe.
- [ ] Sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh agat freisin ar Iasacht Ceannaigh agus Athchóirithe an Údaráis Áitiúil (LAPR), fianaise a dheimhníonn gur éirigh le d'iarratas i measúnú Chéim 1 don LAPR.
- [ ] I gcás ina bhfuil príomháit chónaithe phríobháideach á cruthú - Mionnscríbhinn shínithe lena deimhnítear nár cuireadh iarratas isteach ar an deontas roimhe seo i leith príomháit chónaithe phríobháideach.
- [ ] Le haghaidh réadmhaoine ar cíos, mionnscríbhinn shínithe lena ndeimhnítear nach ndearnadh iarratas ar an deontas roimhe seo chun críoch cíosa (más ábhartha).
- [ ] Sa chás go bhfuil réadmhaoin/réadmhaoine ar cíos á (g)cruthú - Dearbhú sínithe go bhfuil sé ar intinn agat aonad/aonaid chónaithe san fhoirgneamh a chur ar fáil le ligean ar cíos agus go gclároidh tú tionóntacht/tionóntachtaí le BTC roimh dheontais a tharraingt anuas.

**Cáipéisíocht Tacaíochta eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón údarás áitiúil:**

Fianaise go bhfuil iarratas pleanála á thaisceadh nó cead pleanála á dheonú. ☐

Deimhniú díolúine dearbhaithe Alt 5 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ☐

Fógra d'údarás áitiúil go bhfuil sé ar intinn leas a bhaint as Díolúine Alt 10 (6) maidir le hathrú ar úsáid ó Réadmhaoin Tráchtála go Cónaithe, Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001, arna leasú. ☐

***I gcás ina n-ardaítear ceist i dtaobh an dteastaíonn cead pleanála nó forbairt dhíolmhaithe ó na hoibreacha atá beartaithe, beidh ar an iarratasóir fianaise ar chead pleanála nó ar dhearbhú díolúine a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil sula bhfaightear an cead deontais deiridh.***

**Tabhair faoi deara::**

Ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas faoina bhfreagrachtaí i ndáil le ceanglais agus rialacháin reachtúla/dhlíthiúla maidir le hoibreacha a dhéanamh ar an bhfoirgneamh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, ceanglais phleanála, ceanglais sláinte agus sábháilteachta, rialacháin foirgneamh, ceanglais le haghaidh struchtúir chosanta, foirgnimh thraidisiúnta i Limistéar Caomhantais Ailtireachta, saincheisteanna teorann, cearta slí, treoracha comhshaoil agus gnáthóige, etc.

Maidir le haonaid atá ar fáil le ligean ar cíos, ceanglaítear de réir an dlí ar gach tiarna talún, cloí leis na caighdeáin do thithíocht ar cíos agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil a gcuid réadmhaoine ag cloí go hiomlán le rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán agus íoschaighdeáin maidir le réadmhaoin ar cíos.

Féach ar https://www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print

**Ba chóir an fhoirm chomhlánaithe seo, in éineacht leis an gcáipéisíocht tacaíochta atá de dhíth, a sheoladh chuig an Oifig Tithe Folmha i d'údarás áitiúil.**

**Tábhachtach: Sa chás gur iarr an t-údarás áitiúil go gcuirfí tuilleadh cáipéisíocht riachtanach isteach chun tacú le d'iarratas, má theipeann ort é sin a dhéanamh, tarraingeofar d'iarratas siar. Má tá moill ann an t-ábhar sin a chur ar fáil, moltar duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Tithe Folmha i d'údarás áitiúil chomh luath agus is féidir.**

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Ciste na mBailte Croí Cónaithe